**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/185 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10 Feabhra 2022**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 430(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Seicise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid in Airteagal 13(1) lena n-athraítear an oibleagáid a leagtar síos sa ghníomh trí mhinicíocht an tuairiscithe a mhodhnú.

(2) Sa leagan Spáinnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451, tá earráidí in Iarscríbhinn II, pointe 8.4 i gClár na nÁbhar; in Iarscríbhinn II, Cuid II: pointe 3.9.4.2, ró 0060, sa dara colún den tábla, sa chéad mhír, i bpointe 3.9.5.1, ró 0040, sa dara colún den tábla, sa mhír aonair atá ann, i bpointe 3.9.6.1, ró 0040, 0120, sa dara colún den tábla, sa mhír aonair atá ann, i bpointe 8.1, pointe (c) d'iontráil 201, i bpointe 8.2.1, ró 0010, sa dara colún den tábla, sa chéad mhír, i bpointe 8.3.1, ró 0050, sa dara colún den tábla, sa chéad mhír, agus i bpointe 8.4; in Iarscríbhinn XII: i ngach tarlú de ró 0840, sa tríú colún den tábla agus i ngach tarlú de ró 0310 le ID 1.4.3, sa tríú colún den tábla; in Iarscríbhinn XIII, Cuid II: i bpointe 1, ró 14, sa dara colún den tábla, agus i bpointe 3, sa dara colún den tábla, ró 0840; in Iarscríbhinn XIII, Cuid IV: i bpointe 1, ró 13, sa dara colún den tábla, agus i bpointe 3, ró 0310, sa dara colún den tábla freisin. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na hearráidí sin ar na hoibreoirí eacnamaíocha maidir lena n-oibleagáidí tuairiscithe.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Seicise agus an leagan Spáinnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/451 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 (IO L 97, 19.3.2021, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Feabhra 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN